
# Gadaíocht ar an Traein





Bhí mise agus mo dheirfiúr **ag dul ar cuairt** go dtí ár gcairde i nGaillimh. Bheimis ann don deireadh seachtaine, go dtí an Luan. *'Ádh mór!'* arsa mamaí. *'Bí cúramach!'* arsa daid.



Thóg muid suíocháin ar an traein agus thosaigh muid ag caint lena chéile. Bhí fear óg ina shuí in aice linn le **T-léine crosáilte**. Bhí **croiméal** air agus bhí spéaclaí dorcha air.



**Tar éis tamaill**, thit muid inár gcodladh, agus ghlac an fear sna spéaclaí a sheans. Ghoid sé sparán den tábla os a chomhair. **Gadaí lofa gan náire** a bhí ann!




Nuair a dhúisigh muid, **bhí uafás orainn**. Chonaic muid go raibh an sparán imithe. D'iarr mé ar mo dheirfiúr **féachaint timpeall** ach bhí a fhios agam gur ghoid an fear óg é nuair a bhí muid inár gcodladh.




Chuaigh muid láithreach go dtí **cigire na traenach**. Rinne muid cur síos ar an fhear óg agus ar an sparán. Níor stop an traein ag stáisiún eile fós. Chuir an cigire fios ar na gardaí i nGaillimh agus thug sé an cur síos dóibh.




Fuair na gardaí an gadaí nuair a **thuirling** sé den traein i nGaillimh. Bhí áthas an domhain orainn nuair a thug garda an sparán ar ais. Dúirt an garda linn **bheith níos cúramaí** as sin amach.